



comhar caomhán teoranta
Inis Oírr, Árann, Cuan na Gaillimhe.

NUACHTLITIR Eanáir 2016

Staidéar Féidearachta ar Scéim

Séarachais do Inis Oírr

Tá deontas de 50% faighte ag Comhar Caomhán Teo ó Údarás na Gaeltachta chun staidéar féidearachta a dhéanamh ar chóras séarachais agus ar phlanda cóireála a fhorbairt ar Inis Oírr. Tá comhlacht

roghnaithe chun an scrúdú seo a dhéanamh dúinn.

Mar pháirt den staidéar seo, beidh duine ag dul thart ag chuile teach ag déanamh suirbhé ar leibhéil agus ar phíopaí séarachais atá taobh amuigh de na tithe ag tosnú **Dé Luain 25 Eanáir**. Ionas nach mbeidh aon mhoill curtha ar an obair seo, iarrfaimid ar dhaoine fios a bheith acu

- cá bhfuil na píopaí séarachais ag dul amach ón teach agus
- cá bhfuil siad ag dul isteach sa damhach séarachais.

Muna dteastaíonn uait a bheith páirteach sa staidéar cuir ar an eolas muid le do thoil.

Athbheithniú ar na Seirbhísí Sláinte

Beidh ionadaithe ón ngrúpa athbheithnithe sna seirbhísí sláinte oileánda ag teacht amach go dtí an oileán ar an **Máirt 16 Feabhra**. Beidh siad ag cuartú tuairimí faoi na seirbhísí sláinte ó dhaoine aonaracha nó ó ghrúpaí éagsúla. Má tá tú nó do ghrúpa ag iarraidh bualadh leis na hionadaithe nó moltaí a chuir i scríbhinn is féidir leat d'ainm nó do litir a fhágáil in oifig an chomharchumainn. Beidh an t-athbheithniú seo an-tábhachtach do na seirbhísí sláinte ar na hoileáin.

Folúntas ar an Scéim Fás

Tá folúntas ar an Scéim Fás in Inis Oírr. Is féidir an fhoirm iarratais agus tuilleadh eolais a fháil faoin bpost in oifigí an chomharchumainn. Is é an sprioc-dháta le iarratas a dhéanamh ar an bpost ná **12 Feabhra 2016**.

Eolas ó Fhochoistí/Ghrúpaí eile

Coláiste Ghobnait

Bailíodh €2036.60 ag an maidin chaifé a bhí ar siúl roimh na Nollag. Tá buíochas mór ag dul do chuile dhuine a thug tacaíocht.

Naíonra Inis Oírr

Bailíodh €1080 ag Tráth na gCeist a bhí ar siúl ar mhaithe leis an Naíonra roimh na Nollag. Míle buíochas do chuile dhuine a thug tacaíocht.

Eolas Ginearalta

Bailiúchán Éadaígh

Ba mhaith le ***Enable Ireland*** a mbuíochas a chur in iúl do chuile dhuine a thug éadach don bhailiúchán. Bailíodh 85 mála agus tá an charthanacht fíorbhuíoch do mhuintir an oileáin.

Banc na hÉireann

Beidh Banc na hÉireann in oifigí an chomharchumainn Dé Máirt **26 Eanáir 2016 óna 10.00 -1.00 & ón 2.00-3.00**

Cruinniú Coiste Cosanta Aersheirbhís Oileáin Árann

le Roinn na Gaeltachta -3 Nollaig 2015

Dúirt Príomhfheidhmeannach na Roinne, Bertie Ó hAinmhire ag an gcruinniú, nach raibh mórán le rá ag an Roinn ag an bpointe seo, go raibh siad ag castáil linn le n-éisteacht leis na moltaí atá againn, gurb é an chéad chéim eile a bheadh le tógáil ag an Roinn ná comhairle dlí a fháil agus comhairle ón Oifig um Sholáthar Rialtais. Bheadh an Roinn ag socrú polasaí maidir leis an gcéad chonradh eile agus go mbeadh an Oifig um Sholáthar Rialtais ag feidhmiú leis an bpróiseas tairisceana a chur i gcrích.

Seo a leanas na moltaí a chuir an Coiste Cosanta os comhair na Roinne.

- Tá muintir na nOileán ag iarraidh seirbhís eitleáin as Indreabhán/Conamara. Tá muid glan in aghaidh ingearáin don tseirbhís ar na cúiseanna atá léirithe againn go minic cheana.
- Táimid ag iarraidh go mbeidh an Coiste lánpháirteach sa bpróiseas tairisceana.
- Táimid ag iarraidh go mbeidh Údarás Eitlíochta na hÉireann lárnach sa bpróiseas nua tairisceana.
- Táimid ag iarraidh nach mbeidh aon “Cap” nó uas-teorainn luaite leis an gconradh tairisceana.
- Táimid ag iarraidh go gcuirfí deireadh anois leis an éiginnteacht a bhaineann le conraí gearra ó bhliain go bliain. Go gcuirfí amach tairiscint 4 bliana ar a laghad agus go ndéanfaí scrúdú ar na bealaí leis an tseirbhís a fhás agus a fhorbairt.
- Táimid ag iarraidh go gceapfaí eagraíocht neamhspleách le meastóireacht a dhéanamh ar phraghas cóir a chur ar úsáid Aerfort na Minna a bheadh ann do chuile iarratasóir.
- Táimid ag iarraidh go bhfágfaí na táillí do na h-oileánaigh mar atá siad.
- Táimid ag moladh go gcuirfí deireadh leis an uas-teorainn de 8% ar bhrabach don té a gheobhas an conradh. Ní chruthaíonn sé seo aon spreagadh leis an margadh a fhás agus a fhorbairt. Ní thuigimid cén fáth an bhfuil an coinníoll seo ann.
- Moltar go ndéanfaí tuilleadh eitiltí laethúla PSO a thairiscint.
- Ba cheart staidéar cuimsitheach a dhéanamh ar na hiarrthóirí don tairiscint in áit scrúdú oifige amháin.
- Táimid ag iarraidh eitiltí idir na 3 oileán a bheith san áireamh sa tairiscint PSO nua.
- Aontaíodh go gcasfadh an Roinn linn aríst go luath sa mbliain nua, sula gcuirfear aon tairiscint nua amach. Tá sé ráite linn go mbeidh an tairiscint nua foilsithe deireadh mí Márta.

Ní mhór brú a choinneáil ar na polaiteoirí má táimid leis an tseirbhís aeir a choinneáil.